GX911

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAR 2000

SCOIL NA GAEILGE

AN TRIÚ BLIAIN agus AN CEATHRÚ BLIAIN

GAEILGE

AN DARA PÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Cáit Ní Dhomhnaill
Dorothy Ní Uiginn

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Trí cheist le freagairt: **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid freagarleabhar ar leith do gach roinn.

ROINN A: NG324 NUACHTÁIN AGUS IRISÍ NA GAEILGE
(CREIDHMHEAS 0.5)

1. Cén tionchar a bhí ag na colúin Ghaeilge a foilsíodh i nuachtáin agus in irisí sa naoú haois déag - in Éirinn agus thar lear - ar fhorbairt na hiriseoireachta Gaeilge agus ar Athbheochan na Teanga? Tabhair samplaí le d' fhreagra.

2. Tabhair cuntas ar fhorbairt na **nuachtán** Gaeilge, ag plé na bhfadhbanna agus na ndeacrachtaí a bhain leis an bhforbairt seo agus ag tagairt d' ábhar na nuachtán féin.

3. Déan trácht ar fhás agus ar fhorbairt irisí sin na hAthbheochana nárbh fhoilseacháin de chuid Chonradh na Gaeilge iad.

4. Déan cur síos agus plé ar irisí Airt Uí Ghríofa agus Shinn Féin ag tús an fichiú haois.

/...

ROINN B: NG 324 LITRÍOCHT AN 17Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1. Déan cur síos ar shaothar próis an Chéitinnigh.

2. Déan cur síos ar an saothar staire a bhí á scríobh anseo in Éirinn sa seachtú haois déag.

3. Déan cur síos ar na leabhair chráifeacha i nGaeilge a cuireadh ar fáil sa seachtú haois déag

4. Déan cur síos ar shaothar na n-údar a bhí i mbun pinn anseo in Éirinn sa seachtú haois déag.

5. Tá an drochbhail a bhí ar Éirinn sa seachtú haois déag le léamh go soiléir i bhfilíocht na haimsire sin. Pléigh.

ROINN C: NG 324 FILÍOCHT AN 18Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1. Is é an Seacaibíteachas an ghné is tábhachtaí d'fhilíocht an ochtú haois déag. Pléigh.

2. Siúd is go bhfuil aislingí Aogáin Uí Rathaille an-éagsúil lena chéile, tá an dá bhunghné seo a leanas le fáil iontu go léir, an bhainis ríoga agus an tairngreacht. Pléigh.

3. Gléas fíoréifeachtach don bholscaireacht Sheacaibíteach ab ea an aisling. Do bharúil faoi sin.